Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


Mo

# Threoir Dhearaidh

Fadhbanna agus dúshláin a bhfuil fócas dearaidh acu a réiteach

# Nótaí:

# Próiseas Dearaidh




## Cad is próiseas dearaidh ann?

Is uirlis é an próiseas dearaidh chun tú a threorú trí thionscadal agus a chinntiú go smaoiníonn tú faoi phríomhréimsí uile an tionscadail. Tá roinnt leaganacha den phróiseas dearaidh ann ach leanann siad uile céimeanna den chineál céanna. Is sampla amháin é an leagan thuas de phróiseas dearaidh ar a dtugtar próiseas an Mhuileata Dhúbailte. Is féidir leis an bpróiseas tosú le smaoineamh iontach ginearálta, fadhb ar leith nó le hachoimre dhearaidh. Úsáideann gach céim den phróiseas ceisteanna chun níos mó a fhoghlaim faoin smaoineamh nó faoin bhfadhb agus réitigh a aimsiú.

## Conas a úsáidim treoir seo an phróisis dearaidh?

Sa treoir seo, bristear síos an próiseas dearaidh ina cheithre chéim; a léirítear le dhá chruth mhuileata. Is féidir leat dul chun tosaigh agus siar trí na céimeanna ag pointe ar bith, go háirithe mura dtuigeann tú cuid den tionscadal agus má chaithfidh tú níos mó a fhoghlaim. Mar shampla, má chuimhníonn tú ar smaoineamh dearaidh ach níl tú cinnte conas a oibreoidh sé, téigh siar isteach sa chéad chéim agus úsáid na ceisteanna chun níos mó taighde a dhéanamh. Tóg am chun machnamh ag gach céim agus bí réidh chun athruithe a dhéanamh. Tógann sé am chun réitigh mhaithe a fhorbairt agus is minic a bhíonn an dearadh deiridh an-éagsúil leis an gcéad smaoineamh.

## Cén fáth ar chóir dom próiseas dearaidh a leanúint?

Úsáideann dearthóirí agus innealtóirí próisis dearaidh sa ghnó agus san oideachas chun cabhrú le smaointeoireacht dearaidh agus chun cabhrú leo tionscadail a chruthú agus a bhainistiú. Spreagann siad tú chun cuid mhór ceisteanna a chur agus triail a bhaint as smaointe dearaidh. Cabhróidh an próiseas dearaidh leat réitigh dearaidh iontacha agus uathúla a chruthú.

## An gcaithfidh mé na ceisteanna uile a fhreagairt ag gach céim?

Ní chaithfidh, tá gach tionscadal éagsúil. Úsáid a oiread ceisteanna agus is mian leat chun cabhrú leat do thionscadal a thuiscint agus tabhairt faoi.

# TAIGHDE – Ar lorg eolas nua

FIONNADH

Smaoinigh go leathan

Roinnt ceisteanna a d'fhéadfá a úsáid chun cabhrú leat smaoineamh...

## CÉN FÁTH?

Cén fáth a bhfuil an fhadhb seo ann? Cén fáth a bhfuil réiteach de dhíth?

Cén fáth nár réitíodh í cheana féin?

Cén fáth ar dearadh agus ar tógadh mar sin é?

## CAD É?

Cad é faoi a gcaithfidh níos mó eolais a bheith agat?

Cad é a fheidhm atá leis? Cé na fadhbanna atá ann?

Cad iad na réitigh eile atá ann? An bhfuil siad éifeachtach?

Cad iad na hábhair agus na comhpháirteanna a bhíonn in úsáid faoi láthair?

## CÉN UAIR?

Cén uair a úsáidtear é?

An féidir é a úsáid ag am difriúil, agus feidhm eile leis?

## CÉN ÁIT?

Cén áit a n-úsáidtear é? An féidir é a úsáid ag áit eile agus feidhm eile leis?

Cén áit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil? An bhfuil foinsí eile ann?

## CÉ?

Cé a úsáideann an táirge, seirbhís nó córas seo agus cad iad na riachtanais atá acu?

An bhfuil fáthanna ann nach féidir le níos mó daoine é a úsáid nó a bheith ag plé leis?

An bhfuil úsáideoirí sásta leis? Más amhlaidh, cén dóigh? Murab amhlaidh cén fáth?

## CONAS?

Conas a oibríonn sé? Conas a dhéantar é? Conas a rialaítear é?

An bhfuil ábhair, comhpháirteanna agus próisis eile ann a thiocfadh a úsáid chun teacht ar réiteach?

Conas a thiocfadh liomsa réiteach níos fearr a cheapadh?

**Leideanna chun...**
Taighde níos fearr a dhéanamh

Cuir ceisteanna. Bí fiosrach. Bí oscailte i leith smaointe nua. Triail agus tástáil smaointe nua. .

Úsáid réimse leathan foinsí príomha agus tánaisteacha. Déan tagairt do do chuid foinsí agus ceistigh cé acu atá siad iontaofa.

Sceitseáil smaointe nó réitigh ar bith a thagann chugat is cuma a bhunúsaí a bhíonn siad. Baineann sé sin le do thionscadal ar fad.

Breathnaigh ar dhaoine agus tabhair do d'aire conas a úsáideann agus a aimsíonn siad na spásanna agus na táirgí sa domhan timpeall orthu.

FIONNADH

# TAIGHDE – Pointe Machnaimh

Smaoinigh go leathan

## Ag breathnú siar ….

Cad a bhí ar eolas agam faoin topaic / fadhb / dúshlán seo cheana?

Cad é a smaoinigh mé faoin topaic / fadhb / dúshlán seo?

## Stad agus déan do mhachnamh

Cad é atá ar eolas agam anois?
Cad é a d’fhoghlaim mé ó mo thaighde?
Ar athraigh mo thuairim?
Más amhlaidh gur athraigh, conas agus cén fáth?
Cad iad na tátail is féidir liom a bhaint as an taighde s’agam?
An bhfuil an t-fhaisnéis a bhailigh mé iontaofa agus ar chaighdeán ard?

## Cad é an chéad chéim eile...

Cad é an taighde atá tábhachtach do mo thionscadal? Conas is féidir liom mo thaighde a roinnt le daoine eile? Conas is féidir liom mo thionscadal / smaoineamh a bhogadh chun cinn?

**Leideanna chun...** Taighde níos fearr a dhéanamh

Úsáid dialann imeachtaí chun smaointe dearaidh, smaointe agus comhráite le do mhúinteoir agus le daoine eile faoin tionscadal agus faoi réitigh fhéideartha a sceitseáil agus a chlárú.

Breac síos gach rud, a bhunúsaí a bhíonn siad! Tagann na smaointe is fearr nuair is lú a bhíonn tú ag súil leo, agus is féidir gach smaoineamh a thriail agus a thástáil níos faide anonn. Cuimhnigh ar an athfhriotal seo a leanas le linn do thaighde, do dhearaidh agus ag críochnú do thionscadail duit:

***“Ever tried. Ever failed. No matter. Try again. Fail again. Fail better.” Samuel Beckett***

# SAINIÚ CINNTÍ – Cinntí a dhéanamh faoi do thionscadal

Déan cinntí

Ó do thaighde, smaoinigh ar an eolas a bhailigh tú.

- Roghnaigh an taighde a mbíonn nasc díreach idir é agus do thionscadal.
- Úsáid roinnt de na ceisteanna seo chun cabhrú leat cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfócas cuí do do thionscadal agus cad é atá indéanta san am a bheidh agat.

Cén réimse ar maith liom díriú air agus cén fáth?

An féidir liom an phríomhfhadhb a réiteach, nó ar chóir dom díriú ar chuid amháin den tionscadal seo?

Cad iad na hábhair agus na hacmhainní atá ar fáil?

Cé dó a bhfuil mé ag cruthú an réitigh?

Cá mhéad ama atá ar fáil don tionscadal? Cad é ar féidir liom díriú air laistigh den am seo?



Conas is féidir liom mo thionscadal a eagrú agus na cinntí a dhéanaim a chlárú?

Cad é eile is féidir le mo réiteach dearaidh a dhéanamh? An bhfuil tréithe ar bith eile a thiocfadh a chur leis?

Cad é a chaithfidh mo réiteach dearaidh a dhéanamh chun feidhmiú? An bhfuil gnéithe ar bith a chaithfidh a bheith aige?

Cad iad na torthaí deiridh don tionscadal seo? Conas is féidir liom an tionscadal a dhéanamh chomh maith agus atá ar mo chumas?

Cad iad na scileanna a bheadh de dhíth orm agus a d'úsáidfinn chun réiteach a chruthú? An gcaithfidh mé scileanna nua a fhorbairt?

**Leideanna chun ....** Cinntí a dhéanamh

Scag do chuid taighde. Smaoinigh faoin taighde atá tábhachtach sa tionscadal seo. Cad iad na bunphointí atá le

Ar chuir tú na ceisteanna cearta uile?

Más amhlaidh nár chuir déan tuilleadh taighde príomha agus tánaisteach, bí i do shaineolaí ar an topaic nó ar an réimse seo!

Smaoinigh faoi na nithe a d'aithin tú agus conas a thiocfadh leat an réimse nó an táirge seo a fheabhsú do gach duine.

# SAINIÚ Cinntí – Pointe Machnaimh

Déan cinntí

Conas is féidir liom mo thaighde a roinnt agus a léiriú do dhaoine eile?

- Aibhsigh na príomhphointí ó do chuid taighde agus smaoinigh faoi gach rud a d'fhoghlaim tú.
- Fiosraigh conas is féidir leat an taighde seo a chur i láthair lena roinnt le daoine eile.
- Pléigh do chuid taighde le daoine eile. Iarr aiseolas agus cláraigh an t-aiseolas.

Cabhróidh sé sin leat an réiteach is fearr a dhearadh don tionscadal s'agat.

## Bealaí arbh fhéidir liom mo chuid torthaí a chur i láthair agus a roinnt

- Íomhánna a chur i láthair le mo chuid tuairimí.
- Seó sleamhnán de mo phríomhphointí
- Tuairisc nó Dialanna Imeachtaí
- Plé le daoine eile
- Meán ar bith eile atá oiriúnach

Cuir do chuid tuairimí, breathnóireacht aí agus tátal leis.

Thiocfadh liom Achoimre Dhearaidh Aonair a scríobh dá mbeadh príomhchinntí déanta agam ó mo chuid taighde a athraíonn treo mo thionscadail.

- Díreoidh mo smaointe dearaidh ar … do…. a chaithfidh …. chun …

*Nó*

- Is do …. atá mo dhearadh, a bhfuil ….de dhíth ar….. as siocair …

| Riachtanach | Inmhianaithe |
|---|---|
| Caithfidh mo dhearadh… | D'fhéadfadh mo dhearadh… |
| Ba chóir do mo dhearadh… | Is féidir go mbeadh mo dhearadh… |

Thiocfadh liom tábla a chruthú chun na príomhchinntí ó mo thaighde a chlárú. Cabhróidh sé sinn liom nuair agus mé ag forbairt mo smaointe dearaidh.

Critéir riachtanacha (rudaí a chaithfidh mo thionscadal a dheánamh / a bheith aige / a chlúdach)

Critéir inmhianaithe (rudaí is féidir le mo thionscadal a dheánamh / a bheith aige / a chlúdach)

Úsáid dialann imeachtaí chun smaointe dearaidh, smaointe agus réitigh a sceitseáil agus a chlárú ag pointe ar bith le linn do thionscadail …. is cuma a bhunúsaí a bhíonn siad!

Bog siar agus chun tosaigh trí na céimeanna dearaidh chun teacht ar an réiteach is fearr do do thionscadal san am atá ar fáil.  Lean ort ag cur na sé cheist:  Cé, Cad é, Cén uair, Cén áit, Cén fáth agus Conas?

FORBAIRT

# SMAOINTE DEARAIDH – Réitigh a fhiosrú

Smaoinigh go leathan

## TÚS A CHUR LE MO DHEARADH

STosaigh áit ar bith!

Breathnú siar ar mo chuid taighde a fheiceáil an bhfuil réitigh ar bith atá follasach. Tosú leis na réitigh seo agus iad a dhéanamh ábhartha do mo thionscadal, mo scileanna agus mo thaithí.

Smaoineamh go Mór! Na féidearachtaí uile a sceitseáil agus nótaí agus sceitsí a úsáid chun an smaoineamh dearaidh a chlárú.

Tá gach smaoineamh bailí ag an bpointe

## CONAS IS FÉIDIR LIOM CUIMHNEAMH AR NÍOS MÓ NÁ SMAOINEAMH AMHÁIN?

Neart smaointe agus sceitsí a cheapadh. Gan díriú ar smaoineamh amháin. Tá gach smaoineamh bailí ag an bpointe seo is cuma a bhunúsaí a bhíonn siad. A chuimhneamh cé a úsáidfidh an táirge, cad é atá de dhíth orthu, cén fáth a bhfuil sé de dhíth, conas a d'úsáidfí é, cén áit agus cén uair a d'úsáidfí é.  Mo smaointe a roinnt ag gach céim den fhorbairt seachas a bheith ag fanacht go bhfuil smaoineamh deiridh ann. Deis a thabhairt dó fás agus athru de réir mar a fhoghlaimíonn tú níos mó faoi.

Mo dhearaí a phlé le daoine eile, mo chuid buarthaí a roinnt, cad é is maith liom agus nach maith liom faoi mo smaointe dearaidh. Éisteacht le haiseolas agus má bhíonn sé tairbheach, feabhsúcháin a dhéanamh.

Aiseolas a lorg agus éisteacht leis

## MO CHUID SMAOINTE A FHÍORÚ

Fréamhshamhlacha (mionsamhail gharbh den táirge deiridh) a sceitseáil agus a dhéanamh. Cabhróidh an dá rud chun scála mo chuid smaointe a fhiosrú, an chaoi a n-oibríonn siad a thástáil, an chaoi a rachaidh comhpháirteanna le chéile agus conas is féidir iad a chóimeáil. Mionsamhlacha garbha a dhéanamh ag pointe ar bith chun níos mó a fhoghlaim faoi mo chuid smaointe agus athruithe a dhéanamh go gasta.

Má athraíonn mo smaoineamh dearaidh, níos mó a sceitseáil agus iarraidh a thabhairt fréamhshamhail nua a dhéanamh nó an chéad mhíomhsamhail a mhionathrú.  Chun tuilleadh a fhoghlaim faoi mo smaoineamh dearaidh, ba chóir dom aon ghluaiseachtaí, leictreonaic nó córais rialaithe atá ar intinn agam a úsáid a chur leis agus iad a thástáil.

Fréamhshamhlacha a sceitseáil agus a dhéanamh lena léiriú

**Leideanna chun ...**
Dearadh & Fréamhshamhaltú

Réimse d'ábhair líníochta a úsáid chun do smaoineamh dearaidh a sceitseáil agus a léiriú.

Modh a roghnú chun do chuid smaointe agus na príomhchinntí a dhéanann tú a chlárú agus na smaointe dearaidh ag teacht chun cinn

Tuilleadh Taighde – Nuair a thosóidh tú ag fiosrú réitigh dearaidh is féidir go bhfaighidh tú amach go gcaithfidh tú breis taighde a dhéanamh ar ábhair, comhpháirteanna nó córais rialaithe. Breac síos conas a chuidigh an taighde sin leat do réiteach deiridh a fhorbairt.

# SMAOINTE DEARAIDH – Pointe Machnaimh

Smaoinigh go leathan

## Conas is féidir liom mo smaointeoireacht agus smaointe dearaidh a roinnt le daoine eile?

- Stad agus smaoineamh faoi do smaointe dearaidh agus an fócas ar do thionscadal.
- Roinnt de na ceisteanna machnaimh seo a leanas a úsáid chun cúlra an smaoinimh a chur in iúl agus do smaointeoireacht a mhíniú.

### Stad & Machnamh a dhéanamh

- Ceisteanna is féidir leat a chur ...
- An bhfuil mo smaointe agus/nó réitigh intuigthe ag daoine eile?
- **Cén fáth** a bhfuil an dearadh de dhíth?
- **Cé** a úsáidfidh an táirge?
- **Cad é** an smaoineamh dearaidh?
  *(Úsáid nótaí/sceitsí chun gnéithe de do chuid smaointeoireachta a mhíniú)*
- **Cén** uair agus **cén áit** is féidir é a úsáid?
- **Cén** chaoi a n-oibreodh an smaoineamh nó an réiteach dearaidh?
- **Conas** a fhíoróidh (dhéanfaidh) mé mo dhearadh?
- **Conas** a chuir mé mo smaointeoireacht agus mo chinntí in iúl?
- An bhfuil an t-am, na hábhair, an trealamh agus na scileanna agam chun mo smaointe a fhíorú?
- Cad é a d'fhoghlaim mé ó mo chuid fréamhshamhlacha de dhearaí?

### Aiseolas a Bhailiú

Ceisteanna is féidir leat a chur ...

- Cad é is maith agus nach maith leat faoi mo smaoineamh / réiteach dearaidh?
- Cad é a mholfá dom a thriail? (Agus Cad é Eile....)
- Conas is féidir liom mo smaoineamh a fheabhsú? (Is féidir an cheist seo a dhíriú ar phríomhghné de do thionscadal)
- An bhfuil aon cheisteanna agat faoin dearadh atá agam, an fáth a bhfuil gá leis agus conas a oibríonn sé?

### Breithmheas a dhéanamh

### Athruithe a dhéanamh

### Bogadh chun cinn

### aiseolas

Breithmheas a dhéanamh ar an aiseolas ...

- Éisteacht leis an aiseolas ó dhaoine eile. Smaoineamh faoin réimse ar mhian leat díriú air, cé dó agus cad é a d'fhoghlaim tú ó do chuid taighde

Smaoineamh faoi athruithe a dhéanamh...

- An bhfuil athruithe nó feabhsúcháin ar bith is féidir liom a dhéanamh leis an dearadh? (Bí ag meabhrú faoin am, na hábhair agus an trealamh atá ar fáil don tionscadal agus do scileanna agus do thaithí)
- Mo smaoineamh a bheachtú / a mhionathrú chun dearadh deiridh a shroicheadh.

Bogadh chun cinn le do smaoineamh dearaidh...

- Cad é is féidir liom a dhéanamh anois chun mo smaoineamh dearaidh deiridh a fhíorú...?

TABHAIRT

# DEARADH DEIRIDH – Réiteach a Thabhairt

Déan cinntí

Smaoineamh faoi mhionsonraí do dhearadh deiridh.

Conas is féidir liom an dearadh deiridh a dhéanamh nó mo réiteach tionscadail a chríochnú ar ardchaighdeán agus an t-am agus na hacmhainní atá ar fáil a úsáid?

## PLEANÁIL

Na hacmhainní is féidir liom a úsáid don tionscadal seo a sheiceáil.

An bhfuil na scileanna agus an taithí agam chun na hacmhainní seo a úsáid?

Aon líníochtaí / pleananna a tharraingt atá de dhíth orm chun an tionscadal a chríochnú.

Na céimeanna a phleanáil chun an réiteach a dhéanamh.

## AM

An bhfuil go leor ama agam chun réiteach a dhéanamh? Conas is féidir liom pleanáil chun an t-am seo a úsáid go héifeachtúil?

Amlíne a fhorbairt do chéimeanna monaraithe mo thionscadail

Mo dhul chun cinn agus amáil a rianú le linn chéim na tógála.

Cabhair a iarraidh agus foghlaim ó dhaoine eile i mo rang.

## DÉANAMH

Ar roghnaigh mé an bealach is fearr chun mo chuid ábhar a phróiseáil?

Ar roghnaigh mé an bealach is fearr chun na hábhair atá le húsáid agam a chóimeáil?

Ar roghnaigh mé an bealach is fearr chun na comhpháirteanna atá le húsáid agam a chóimeáil?

An bhfuil mé ag obair go sábháilte? An gcaithfidh mé cabhair a lorg chun a chinntiú go mbím sábháilte?

An bhfuil a fhios agam conas an trealamh a úsáid mar is cuí?

Ar roghnaigh mé an bealach is fearr chun an bhailchríoch is airde caighdeán a chur ar mo thionscadal?

**Leideanna chun ...** Tionscadal a Chríochnú

Ná bíodh moill ort tosú ar do dhearadh nó do réiteach deiridh a dhéanamh nó a réiteach!

Bí eagraithe! Smaoinigh chun cinn ar do chéad cheacht eile agus cad é a bheidh de dhíth ort.

Labhair le do chairde agus le do mhúinteoir faoi do thionscadal agus conas atá ag éirí leis. Iarr a dtuairim sin agus éist lena gcomhairle.

Cláraigh na céimeanna a dtéann tú tríothu agus do thionscadal nó réiteach á dhéanamh agat. Nuair nach dtéann rudaí de réir an phlean, cláraigh cén fáth agus conas a réitigh tú an fhadhb. Déan meancóga agus foghlaim uathu.

TABHAIRT

# DEARADH DEIRIDH – Pointe Machnaimh

Déan cinntí

- Déan machnamh faoi do thuras tríd an tionscadal seo. Smaoinigh faoi thús an tionscadail, cad é a d'fhoghlaim tú agus conas a d'fhreagair tú don achoimre dhearaidh.
- I do dhialann imeachtaí, machnaigh ar rathúlacht agus ar dhúshláin an tionscadail.
- Úsáid roinnt de na ceisteanna seo a leanas chun do smaointeoireacht a threorú.

## Ag breathnú siar …

- Cad é a bhí ar eolas agat faoin topaic / fadhb / dúshlán seo cheana?
- Cad é a thaitin liom faoin tionscadal seo? Cad é nach raibh mé cinnte faoi? Cad é a raibh mé tógtha a bheith ag foghlaim faoi?

## Agus machnamh déanta …

- Ar chruthaigh mé réiteach a chomhlíonann riachtanais an tionscadail / na hachoimre seo? Más ea, cén chaoi? Murab ea, cén fáth nár chruthaigh?
- Ar oibrigh mo réiteach deiridh amach mar a bhí beartaithe agam? Más ea, cén chaoi? Murab ea, cén fáth nár oibrigh?
- An raibh dúshláin romham le linn an tionscadail s'agam? Conas a d'éirigh liom na dúshláin a shárú? Cad é a d'fhoghlaim mé?
- An raibh na scileanna riachtanacha agam chun an réiteach a dhear mé a mhonarú?
- Ar chríochnaigh mé an tionscadal s'agam laistigh den am a tugadh?
- Ar úsáid mé mo chuid ama go héifeachtach?
- Cad iad na hathruithe a rinne mé le linn an tionscadail? Cén fáth a ndearna mé na hathruithe sin?

## D'fhoghlaim mé …

- Cad é a d'fhoghlaim mó le linn dom an tionscadal a dhéanamh?
- Conas a d'athraigh mo smaointeoireacht faoin réimse / topaic seo?
- Ar fhorbair mo chuid eolais agus scileanna? Más ea, cén chaoi agus cad é a d'fhoghlaim mé?
- Cad iad na gnéithe den tionscadal is mó a thaitin liom agus is mó a thug mo dhúshlán?

## Ag bogadh chun tosaigh …

- Dá mbeadh níos mó ama agam, is féidir go ….
- Chun mo scileanna agus tuiscint a fheabhsú ba mhaith liom tuilleadh a fhoghlaim faoi…
- Chun cur chuige níos fearr a bheidh agam sa chéad tionscadal eile, is féidir liom díriú ar…

# Nótaí: